



NÓTA FAISNÉISE DO BHUNSCOILEANNA AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA SOCRUITHE CIGIREACHTA ATHBHREITHNITHE Ó 25 SAMHAIN 2021

Ón 25 Samhain 2021 amach, tá athbhreithnithe déanta ar na socruithe cigireachta atá leagtha amach in Imlitir 32/2021 agus in Imlitir 33/2021. Tá eolas faoi na hathbhreithnithe seo ar fáil anseo.

Tá Cigireacht na Roinne go mór san airdeall faoin tionchar a bhí, agus atá i gcónaí, ag paindéim Covid ar obair scoileanna. Tá a clár cigireachta do scoileanna coigeartaithe i bhfianaise an chomhthéacs seo. Ón 25 Samhain 2021, déanfar gníomhaíocht chigireachta a theorannú dóibh seo a leanas:

- (1) Cigireachtaí um chosaint leanaí, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017* na Roinne i gcomhlíonadh dhualgais an Aire faoin Acht um Leanaí ar dTús 2015;
- (2) Cigireachtaí ar scoileanna atá lonnaithe in Aonaid Cúraim Speisialta agus in Ionaid Coinneála Leanaí ina gcuirtear soláthar oideachais ar fáil do leanaí atá á choinneáil faoi orduithe cúirte (caithfear na saoráidí seo a iniúchadh go bliantúil mar gheall ar ard-leochaileacht na bhfoghlaimeoirí lena mbaineann);
- (3) Cigireachtaí leantacha riachtanacha chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí práinneacha a d'eascair ó chigireachtaí um chosaint leanaí agus ó chigireachtaí eile roimhe seo;
- (4) Cuairteanna comhairleach-dhírithé maidir le Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (TSSS) a tharlaíonn chun monatóireachta dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart frith-Covid lena chinntiú gur timpeallachtaí oibre agus foghlama sábháilte iad scoileanna; éilítear na cigireachtaí seo faoin "Prótacal Náisiúnta um Obair go Sábháilte COVID-19 d'Fhostóirí agus d'Oibrithé" agus tuairiscítear orthu go rialta don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus do Roinn an Taoisigh;
- (5) Cuairteanna éigeandála práinneacha chuig scoileanna.

Tá clár na gcigireachtaí teagmhasacha (gearra), a cuireadh in iúl roimh ré agus a bhí ag tarlú sa téarma seo, á gcur siar go dtí níos déanaí sa scoilbhliain. Bhí na



cuartheanna seo dírithe ar: monatóireacht a dhéanamh ar bhearta frithbhulaíochta i scoileanna; úsáid tráthchláir ghiorraithe do dhaltaí; agus comhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna agus iad ag iarraidh dul i ngleic le riachtanais foghlama daltaí a raibh tionchar ag paidéim Covid ar a gcuid foghlama.

Tá gach cineál cigireachta eile (mar shampla meastóireachtaí scoile uile, meastóireachtaí curaclaim, cigireachtaí ábhair, cigireachtaí ar phleanáil gníomhaíochta DEIS, srl.) curtha ar ceal cheana féin sa téarma reatha. Cuireadh é seo in iúl do scoileanna i gCiorcláin 32/2021 agus 33/2021. Mar atá leagtha amach sna ciorcláin sin, coinneofar an clár cigireachta faoi athbhreithniú i bhfianaise na comhairle sláinte poiblí a bheidh ag teacht chun cinn.

An Chigireacht, An Roinn Oideachais

23 Samhain 2021